



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Iúil 2017  
(OR. en)

11272/17

---

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2017/0158 (COD)**

---

---

UD 183  
ENFOCUSTOM 175  
EF 167  
ECOFIN 649  
JAI 694  
COSI 166  
COTER 74  
RELEX 658  
DROIPEN 104  
COPEN 239  
CODEC 1251

## TOGRA

---

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2017
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2017) 375 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 375 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2017) 375 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2017  
COM(2017) 375 final

2017/0158 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú**

{SWD(2017) 262 final}

{SWD(2017) 263 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Faoi chuimsiú an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an tSlándáil<sup>1</sup> ó 2015 agus an Phlean Gníomhaíochta ó 2016 chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú<sup>2</sup>, d'fhógair an Coimisiún go n-ullmhódh sé togra reachtach i gcoinne trádáil aindleathach earraí cultúrtha. Chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle fáilte roimh an gClár Oibre maidir leis an tSlándáil<sup>3</sup> agus roimh an bPlean Gníomhaíochta agus d'iarr siad treisiú ar an obair<sup>4</sup>. An 15 Márta 2017, glacadh an Treoir maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, lena n-áirítear forálacha i ndáil le smachtbhannaí coiriúla a bheadh infheidhme maidir le daoine nó eintitis a thugann tacaíocht ábhartha don sceimhlitheoireacht<sup>5</sup>.

I dTeachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *Towards an EU strategy for international cultural relations* [I dtreo Straitéis de chuid an Aontais le haghaidh Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta]<sup>6</sup>, d'fhógair an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go raibh rún acu togra reachtach a ullmhú.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ba cheart an togra seo a thuiscint i bhfianaise an dearbhaithe a thug Ceannairí G-20 an 8 Iúil 2017<sup>7</sup>, inar dhearbhaigh siad a dtiomantas dul i ngleic leis na foinsí éagsúla maoinithe atá ag an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear creachadh agus smuigleáil séadchomharthaí.

Ina theannta sin, toradh ar Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Aibreán 2015 maidir le scrios suíomhanna cultúrtha ag an Stát Ioslamach/Da'esh is ea an Rialachán agus na bearta a luaitear thíos, rún a d'iarr, *inter alia*, bearta láidre chun cur isteach ar thrádáil aindleathach earraí cultúrtha agus chun clár oiliúna Eorpacha a fhorbairt do bhreithiúna, póilíní, oifigigh chustaim, rialtais agus gníomhaithe sa mhargadh i gcoitinne, agus chun feachtais ardaithe feasachta a eagrú d'fhonn cur in aghaidh ceannach agus díol earraí cultúrtha a thig as trádáil aindleathach.

Mheabhraigh an Chomhairle, sna Conclúidí uaithi an 12 Feabhra 2016, cé chomh tábhachtach agus atá sé cur leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí earraí cultúrtha agus d'iarr sí ar an gCoimisiún togra a dhéanamh maidir le bearta reachtacha faoin ábhar seo a luaithe is féidir.

---

<sup>1</sup> COM (2015) 185 final, 28 Aibreán 2015

<sup>2</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú [COM(2016) 50 final], 2 Feabhra 2016

<sup>3</sup> Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2015 faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil (2015/2697(RSP))

<sup>4</sup> Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2015

<sup>5</sup> Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle; IO L 88, 31.3.2017, lch. 6-21.

<sup>6</sup> JOIN(2016) 29 final

<sup>7</sup> <https://www.g20.org/gipfeldokumente/G20-leaders-declaration.pdf>

An 24 Márta 2017, i Rún 2347 (2017)<sup>8</sup>, d'iarr Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun teacht roimh an trádáil aindleathach agus an gháinneáil ar mhaoin chultúrtha, go háirithe más as limistéar ina bhfuil coinbhleacht armtha a bhfuil grúpaí sceimhlitheoireachta ina bun a thagann an mhaoin sin. I mí an Mhárta 2017, d'iarr Airí Cultúir ghrúpa G-7 ar na Stáit uile cosc a chur ar thrádáil maoiné cultúrtha creachta a gáinneáladh thar theorainneacha agus chuir siad béim ar an tábhacht a bhaineann le comhar níos dlúithe idir údaráis idirnáisiúnta breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí<sup>9</sup>.

I nDearbhú na Róimhe an 25 Márta 2017, d'athdhearbhaigh Ceannairí na 27 mBallstát agus na nInstitiúidí Eorpacha go bhfuil siad tiomanta an oidhreacht chultúrtha agus an eagsúlacht chultúrtha a chosaint. Is ceann de phríomhbhearta na hEorpa le linn Bhliain Eorpach na hOidhreacht Cultúrtha 2018 é an comhrac i gcoinne na trádála aindleathaí earraí cultúrtha.

Is é is aidhm don tionscnamh sin cosc a chur ar earraí cultúrtha arna n-onnmhairiú go hainleathach ón tríú tír a allmhairiú agus a stóráil san Aontas Eorpach, sa chaoi is go laghdófar an gháinneáil ar earraí cultúrtha, go ndéanfar maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint, go háirithe réada seandálaíochta i dtíortha tionscnaimh ina bhfuil coinbhleacht armtha. Chuige sin, táthar ag beartú sainmhíniú coiteann a leagan síos ar earraí cultúrtha tráth a n-allmhairithe, a áirithiú go ngníomhóidh allmhaireoirí le dúthracht nuair a cheannóidh siad earraí cultúrtha ó thríú tíortha, faisnéis chaighdeánach a chinneadh lena dheimhniú go bhfuil earraí dleathach, foráil a dhéanamh maidir le díspreagadh éifeachtach ar gháinneáil, agus rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn maidir leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint.

Níl aon bhaint ag an togra seo le REFIT.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Faoi láthair, níl aon rialacha comhchoiteanna ann maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú ó thríú tíortha, ach amháin Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle<sup>10</sup> an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle<sup>11</sup> maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria, ina ndéantar foráil maidir le trádáil earraí cultúrtha leis na tíortha sin a chosc. Is é is aidhm don tionscnamh seo an dá bheart sin a chomhlánú, mar aon leis an reachtaíocht atá ag an Aontas Eorpach cheana maidir le hearraí cultúrtha a onnmhairiú (Rialachán (CE) Uimh. 116/2009<sup>12</sup>).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Comhlánú é an Rialachán atá beartaithe ar chreat dlíthiúil AE maidir le hearraí cultúrtha a thrádáil, mar nach raibh sa chreat sin go dtí seo ach reachtaíocht a bhaineann le hearraí cultúrtha a onnmhairiú<sup>13</sup> agus le nithe cultúrtha a aistríodh go mídhleathach ó chríoch

---

<sup>8</sup> <http://unscr.com/en/resolutions/doc/2347>

<sup>9</sup> [http://www.beniculturali.it/mibac/multimedia/MiBAC/documents/1490881204940\\_DECLARATION-Dichiarazione.pdf](http://www.beniculturali.it/mibac/multimedia/MiBAC/documents/1490881204940_DECLARATION-Dichiarazione.pdf)

<sup>10</sup> IO L 169, 8.7.2003, lch. 6.

<sup>11</sup> IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

<sup>12</sup> Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le hearraí cultúrtha a onnmhairiú; IO L 39, 10.2.2009, lch. 1.

<sup>13</sup> IO L 324, 22.11.2012, lch. 1.

Ballstáit a fháil ar ais<sup>14</sup>. A fhad a bhaineann le hallmhairí, ní raibh sa chreat sin ach bearta sriantacha maidir le hearraí cultúrtha ón Iaráic agus ón tSiria a thrádáil.

Sa bhreis ar chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin, déanfaidh an tAontas Eorpach bearta éagsúla – bearta atá ar siúl cheana nó a sheolfar go luath – a thabharfaidh aghaidh ar na tosca is cúis le hearraí cultúrtha a thrádáiltear go haindleathach a bheith á soláthar agus ar na tosca is cúis leis an éileamh ar na hearraí sin, e.g. éagothromaíochtaí idir na Ballstáit maidir le hullmhacht agus cur i bhfeidhm chaighdeán an díchill chuí, agus an laige acmhainne atá i dtíortha áirithe ina dtionscnaítear an gháinneáil, go háirithe tíortha atá i gcor cruá.

Tá an comhrac i gcoinne na gáinneála ar mhaoin chultúrtha ina chuid den chomhrac atá ar bun ag an Aontas i gcoinne na coireachta eagraithe. I bhfianaise chinneadh na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 18 Bealtaine 2017<sup>15</sup>, leanfar den chomhar oibriúcháin breise idir na húdaráis forfheidhmithe dlí faoi **Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh maidir le coireacht thromchúiseach agus eagraithe** don tréimhse 2018-2021.

Le linn Treoirhionscadail a eagrófar in 2017-18, oibreoidh an tAontas Eorpach i gcomhar le hEagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) chun **modúil oiliúna i ndáil le gáinneáil ar earraí cultúrtha a cheapadh do na grúpaí gairmiúla ábhartha, lena n-áirítear póilíní**. Le linn an Treoirhionscadail chéanna, maoineofar **staidéar cuimsitheach ar na gnéithe a bhaineann le trádáil aindleathach earraí cultúrtha**, agus díreofar ar na bealaí trádála, an méid trádála agus ar mhodhanna oibriúcháin na gáinneála agus ar úsáid teicneolaíochtaí nua chun an gháinneáil sin a chomhrac.

Tá foráil déanta freisin maidir le fothú acmhainní na n-údarás forfheidhmithe dlí in **Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX) an Aontais Eorpaigh**. Rinneadh roinnt ceardlann a eagrú le blianta beaga anuas i ndáil le trádáil aindleathach earraí cultúrtha a chomhrac: m.sh. in iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, sa Tuirc, sa Chosaiv, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus sa tSeirbia. Tráth dá raibh ní raibh cead ach ag tíortha a bhí sa Chomharsanacht páirt a ghlacadh in TAIEX, ach anois is féidir cúnamh ón ionstraim sin a chur chun úsáide aon áit ar domhan.

Glacann saineolaithe i réimse na hoidhreachta cultúrtha páirt níos minice anois i misin chomhpháirteacha maidir le **Measúnuithe ar Riachtanais Iarthubaiste agus Measúnaithe ar Théarnamh agus Cothú na Síochána** arna eagrú ag AE, na Náisiún Aontaithe agus an Banc Domhanda chun cabhrú an damáiste agus rioscaí don oidhrecht chultúrtha, lena n-áirítear an gháinneáil, a mheas.

Ní liosta iomlán é liosta na dtionscnamh. Déanfar bearta breise amach anseo maidir le cur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe a éascú agus cuspóirí an rialacháin sin a chur chun cinn.

Tá an togra seo ag teacht le beartais eile an Aontais agus ag cur leo, go háirithe:

- *an Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil*<sup>16</sup> ina gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe;

<sup>14</sup> Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le nithe cultúrtha a aistriodh go midhleathach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (Athmhúnlú); IO L 159, 28.5.2014, lch. 1–10.

<sup>15</sup> <http://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8654-2017-INIT/en/pdf>

<sup>16</sup> COM (2015) 185 final

- *an Plean Gníomhaíochta chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú* ina liostaítear roinnt tionscnamh beartais agus dlí (lena n-áirítear an togra seo) a bhfuiltear le glacadh leo mar chuid de chur chuige cuimsitheach sa réimse seo; agus
- an Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, lena n-áirítear forálacha i ndáil le smachtbhannaí coiriúla a bheadh infheidhme maidir le daoine nó eintitis a thugann tacaíocht ábhartha don sceimhlitheoireacht.

## 2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

### • **Bunús dlí**

Is faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh atá an beartas tráchtála agus an reachtaíocht custaim, amhail bearta rialaithe custaim tráth an allmhairithe, faoi Airteagal 3 agus Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

De réir Airteagal 207 CFAE, tá sé de chumhacht ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a ghlacadh ina saineofar an creat chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme. Sin, mar shampla, a tharla i gcás Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 maidir le hearraí cultúrtha a onnmhairiú, rialachán a glacadh ar bhonn Airteagal 207 CFAE.

### • **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

N/B

### • **Comhréireacht**

Is meascán de roghanna beartais rialála agus neamhrialála atá i rogha na tosaíochta. Tagann éagsúlacht mhór earraí cultúrtha faoi raon feidhme an bhirt rialála atá beartaithe, gan bac a chur ar thrádáil dhleathach, de bhrí go bhfuil íosteorainn aoise 250 bliain leagtha síos maidir leis na hearraí sin. Léiríonn an teorainn aoise sin go bhfuil cur chuige cothrom in úsáid i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm i roinnt dlínsí eile agus cabróidh sé sin cur chuige comhtháite a bheith ann ar an leibhéal domhanda. Thairis sin, tá an leibhéal grinnscrúdaithe a dhéantar sula dtagann earraí isteach i gcríoch custaim an Aontais idirdhealaithe de réir an bhaoil creachta a mheastar a bheith ann i gcás catagóirí éagsúla earraí cultúrtha, e.g. réada nua seandálaíochta a aimsíodh nó eilimintí de shéadchomharthaí.

Féach an tagairt do bhreithnithe comhréireachta sa tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, go háirithe codanna 7.3.5 agus 7.4.4 de.

### • **An rogha ionstraime**

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ionstraim chuí sa chás seo, i gcomhréir le hAirteagal 207 CFAE, bunús dlí an togra seo.

### 3. **TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Faoi láthair níl aon reachtaíocht ag an Aontas Eorpach a chuimsíonn allmhairiú earraí cultúrtha, rud a fhágann nach bhfuil meastóireachtaí *ex post* ná seiceálacha oiriúnachta i gceist sa togra seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'eagraigh an Coimisiún na comhairliúcháin seo a leanas:

1. Comhairliúchán poiblí<sup>17</sup> ar fhreastalaí Europa inar fhéad na páirtithe leasmhara uile aighneachtaí a chur isteach idir an 23 Deireadh Fómhair 2016 agus an 23 Eanáir 2017. Ceapadh an ceistneoir sa chaoi is go bhféadfaí dearcadh agus tuairimí a fháil ó na páirtithe leasmhara seo a leanas: saoránaigh, lucht gnó, ionadaithe thar ceann cumainn ghairmiúla agus leasanna gairmiúla, eagraíochtaí neamhrialtais agus an tsochaí shibhialta, údaráis phoiblí. Díriodh ar cheist na gáinneála aindleathaí ar earraí cultúrtha; na bearta ba chóir a dhéanamh i gcás allmhairiú earraí cultúrtha d'fhonn an gháinneáil aindleathach agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, an tionchar a bheadh ag bearta reachtacha áirithe agus na paraiméadair a bheadh leo. Fuair an Coimisiún 305 fhreagra.

Cé go bhfuil tacaíocht láidir ann dó go nglacfaidh an tAontas rialacha custaim tráth an allmhairithe, tá níos mó easaontais ann faoi cé chomh héifeachtach agus a bheadh na bearta sin maidir leis an gcoireacht eagraithe agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc; ba lucht gnó ba mhó a bhí den tuairim nach mbeadh aon éifeacht leo. Meastar gur laige é sa chóras atá ann an deacracht a bhaineann le bunáitíocht dhleathach a chinneadh. Is iad na príomhchritéir a mheastar ba chóir a úsáid chun na hearraí sin atá faoi réir birt a shainiú ná neamhchoitiantacht, luach stairiúil/oideachasúil, aois agus cibé a tháinig nó nár tháinig earra cultúrtha as limistéar coinbhleachta. Is léir go bhfuil lucht gnó i bhfách níos mó le bearta a dhéanfadh na tíortha onnmhairithe, den chuid is mó, lena n-oidhreacht a chosaint – agus go gcabhródh an tAontas Eorpach leo, ach tá na húdaráis phoiblí agus an tsochaí shibhialta go mór i bhfách le reachtaíocht de chuid an Aontais a thabhairt isteach a thabharfadh cumhacht do lucht custaim cosc a chur ar earraí cultúrtha a theacht isteach san Aontas Eorpach.

Maidir leis na ceanglais i ndáil le doiciméid chun bunáitíocht dhleathach a chruthú, is léir go bhfuil lucht gnó i bhfách níos mó le foirm féindeimhniúcháin (mionscríbhinn), agus gur fearr leis na húdaráis phoiblí deimhnithe onnmhairiúcháin (as na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas, dealraíonn sé gurbh fhearr leo ceadúnais allmhairiúcháin a eisiúint ar bhonn deimhnithe onnmhairiúcháin).

2. Thionóil an Coimisiún 3 chruinniú den Ghrúpa Saineolaithe um shaincheisteanna custaim a bhaineann le hearraí cultúrtha (ar a raibh ionadaithe as údaráis custaim agus cultúir na mBallstát), tráth ar tiolacadh an tionscnamh, agus a ndearnadh plé an-mhion agus a malartaíodh tuairimí faoi na dúshláin agus na cuspóirí éagsúla. Iarradh ar thoscairí na

<sup>17</sup> Chun tuarascáil achoimre den chomhairliúchán a léamh, féach: [https://ec.europa.eu/info/consultations\\_en](https://ec.europa.eu/info/consultations_en)

mBallstát ráitis seasaimh a chur isteach i scríbhinn maidir leis na roghanna éagsúla agus fuarthas ráitis ó roinnt acu. Cé go bhfuil na Ballstáit uile ar aon fhocal gur chóir beart a dhéanamh tráth an allmhairithe, ní rabhtas ar aon fhocal faoi na bearta sonracha ba chóir a roghnú. Thug líon mór Ballstát le fios go raibh siad i bhfabhar ceadúnais allmhairiúcháin le haghaidh líon beag catagóirí earraí cultúrtha, eadhon, na hearraí sin is mó atá i mbaol sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair.

3. Rinneadh suirbhé freisin i measc údaráis custaim agus cultúir na mBallstát i dtaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith, nó a bhfuil súil a bheith, ag na roghanna éagsúla rialála ar na córais riaracháin (costas nó ualach eile).

As na 16 fhreagra a fuarthas, tugadh roinnt faisnéise in 12 fhreagra acu faoin méid ama a theastódh chun foirmiúlachtaí a bhaineann leis na roghanna beartais rialála a chur i gcrích. Ní raibh formhór na mBallstát in ann aon mheastacháin a thabhairt, agus luaigh siad nach bhféadfaí sin a dhéanamh de bharr leagan amach an chórais agus na nósanna imeachta atá acu faoi láthair. Níorbh fhéidir aon toradh (freagraí a eachtarshuíodh ag úsáid na samhla costais caighdeánaí) a bhaint, den chuid is mó, as na meastacháin mar nár bhain siad ach le roghanna beartais áirithe seachas a chéile.

4. Rinne conraitheoir seachtrach suirbhé eile mar chuid den staidéar dar teideal '*Fighting illicit trafficking in cultural goods: analysis of customs issues in the EU*'<sup>18</sup>. Cuireadh ceistneoirí mionsonraithe chuig lucht gnó, comhlachais, údaráis phoiblí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Baineadh úsáid as conclúidí an tsuirbhé, mar a luadh sa staidéar iad, sa tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, go háirithe na cinn sin a bhaineann leis an taití ar chur chun feidhme Rialachán AE maidir le hearraí cultúrtha a onnmhairiú agus dhá Rialachán smachtbhannaí maidir leis an Iaráic agus an tSiria.

#### • Measúnú tionchair

Rinneadh measúnú tionchair<sup>19</sup> agus thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhiúltach uaidh i dtosach<sup>20</sup>, ansin thug sé tuairim dhearfach<sup>21</sup> uaidh tar éis an measúnú a bheith curtha isteach arís, agus leasú déanta ar shainmhíniú na faidhbe agus ar na cuspóirí sainaitheanta agus cur i láthair agus inneachar níos struchtúrtha agus níos soiléire ar na roghanna beartais a rinneadh a mheas.

Is roghanna comhoiriúnacha a roghnaíodh chun dul i ngleic leis na fadhbanna a aithníodh agus chuirfidís cosc ar earraí cultúrtha arna n-onnmhairiú go haindleathach ón tríú tír a allmhairiú agus a stóráil san Aontas; agus, ar an dóigh sin, gáinneáil ar earraí cultúrtha a laghdú, maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint, go háirithe i dtíortha tionscnaimh ina bhfuil coinbhleacht armtha. Tá súil an chéad chuspóir a bhaint amach gan ualach riaracháin gan ghá a chruthú. Seo mar a dhéanfaí sin, go háirithe:

1. Feasacht a ardú i measc daoine a mbeadh spéis acu a leithéidí d'earraí a cheannach, go háirithe turasóirí agus taistealaithe, agus lucht custaim agus údaráis eile forfheidhmithe dlí.

<sup>18</sup> Níor foilsíodh an staidéar seo go fóill.

<sup>19</sup> Féach: <http://ec.europa.eu/transparency/regdoc/?fuseaction=ia&language=ga>

<sup>20</sup> Féach: <http://ec.europa.eu/transparency/regdoc/?fuseaction=ia&language=ga>

<sup>21</sup> Féach: <http://ec.europa.eu/transparency/regdoc/?fuseaction=ia&language=ga>

2. Rialachán lena ndéanfaí foráil maidir le bearta rialaithe custaim a mbeadh feidhm acu maidir le hearraí cultúrtha dearbhaithe a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó nósanna imeachta custaim speisialta a chur i bhfeidhm orthu (m.sh. i saorchrios) cé is moite d'earraí atá ar idirthuras. Baineann na rialuithe le hearraí cultúrtha, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún 1995 de chuid na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Aontú an Dlí Phríobháidigh (UNIDROIT) maidir le Réada Cultúrtha a Goideadh nó a Onnmhairíodh go Neamhdhleathach, a mbeadh aois íosta 250 bliain acu. Maidir leis na hearraí cultúrtha sin, ní mór don té atá ag iarraidh iad a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil d'fhonn a mbunáitíocht dhleathach, i.e. dlíthiúlacht an onnmhairithe ón tír thionscnaimh, a chruthú:

- maidir le réada seandálaíochta, eilimintí de shéadchomharthaí atá ina bpíosaí agus lámhscríbhinní agus ioncúnabail uathúla, ní mór iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a chur chuig an údarás inniúil atá sannta chun na críche sin ag an mBallstát ina dtiocfaidh na hearraí isteach;

- maidir le gach earra cultúrtha eile, ní mór ráiteas sínithe (mionnscríbhinn) ina ndearbhaítear gur onnmhairíodh na hearraí go dleathach ón tír thionscnaimh, mar aon le doiciméad caighdeánach 'Object ID' ina dtugtar tuairisc mhionsonraithe ar an earra, a chur chuig lucht custaim. Cláróidh agus coimeádfaidh lucht custaim cóip de na doiciméid sin.

Tá súil go mbainfidh na roghanna beartais amach an príomhchuspóir atá luaite thuas, mar aon le roinnt cuspóirí sonracha, mar atá:

Tríd an sainmhíniú ar earraí cultúrtha a roghnú as Coinbhinsiún UNIDROIT 1995, mar aon le haois íosta 250 bliain a leagan síos, bunaítear leis an rogha seo sainmhíniú coiteann ar allmhairiú earraí cultúrtha, sainmhíniú atá comhréireach leis an gcosaint a theastaíonn (éagsúlacht mhór cineálacha earraí) gan bac a chur ar thrádáil dhleathach. Maidir leis an gceanglas faisnéis faoin earra cultúrtha agus faoina bhunáitíocht a thabhairt in iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin nó i bhfoirm chaighdeánach 'Object ID', áirithíonn an modh oibre sin go ndéanfaidh na ceannaitheoirí agus na hallmhaireoirí a ndícheall cuí maidir le dlíthiúlacht na n-earraí cultúrtha a thugtar isteach san Aontas Eorpach. Ag an am céanna, éascaítear an rialú custaim go mór de bharr na gceanglas maidir le doiciméid chaighdeánacha a úsáid tráth an allmhairithe i ndáil le haitheantas na n-earraí cultúrtha a thugtar isteach san Aontas. Fágann an fhoráil a dhéantar maidir le pionóis i gcás sáruithe (arna n-achtú ag na Ballstáit) go bhfuil níos mó beart éifeachtach díspregtha ann i gcoinne na gáinneála ar earraí cultúrtha.

Tá an rogha beartais seo ag luí go hiomlán leis an ngá atá ann freagairt stóinsithe a thabhairt ar an mbaol breise a bhaineann le catagóirí áirithe earraí cultúrtha a bhíonn gan chosaint ar a gcaillte nó ar a scaipthe de bharr an chineáil earra atá ann, go speisialta oidhreacht seandálaíochta. Mar a tharlaíonn sé, is iad sin na hearraí cultúrtha céanna a mbíonn sceimhlitheoirí agus grúpaí atá i gcogadh le chéile ar a dtóir chun a ngníomhaíochtaí féin a mhaoiniú. A fhad a bhaineann le costas comhlíonta, d'fhéadfadh roinnt costas a bheith i gceist le hullmhú iarratais ar cheadúnas allmhairiúcháin i leith na n-earraí sin, ach níl iontu ach céatadán an-bheag<sup>22</sup> de na hearraí cultúrtha uile a allmhairítear.

---

<sup>22</sup> I bhfianaise a laghad fotheideal mionsonraithe atá ann san Ainmníocht Chustaim a bhaineann le hearraí cultúrtha, tá teorainn leis na sonraí staidrimh, agus leis na sonraí cainníochtúla dá bhrí sin, atá ar fáil agus níl an cruinneas a bheifí ag súil leis iontu. Ní leor líon na bhforanna i gCaibidil 97 den Chóras

Bheadh an rogha seo i gcomhréir leis na cuspóirí a leagadh síos mar go n-eagrófaí ceanglais deimhniúcháin allmhairithe a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí gaolmhara agus gur éasca an rogha seo a chur in oiriúint do thosca athraitheacha agus do phróifíilí gáinneála.

Ar deireadh, trí fheachtais múscailte feasachta a eagrú do cheannaitheoirí féideartha agus do lucht custaim agus forfheidhmithe dlí eile, spreagfar páirtithe leasmhara bheith níos rannpháirtí san iarracht an gháinneáil a laghdú.

- **Ceartha bunúsacha**

Is dócha go n-imreoidh na bearta atá beartaithe tionchar ar na ceartha seo a leanas atá cumhdaithe sna hAirteagail seo a leanas de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('CCBAE'):

- an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 CCBAE); agus
- an ceart chun maoinne (Airteagal 17 CCBAE).

I gcásanna a bhfuil amhras ann go ndearnadh ráitis bhréagacha maidir le hearraí cultúrtha, féadfaidh údarais a chinneadh na hearraí a choinneáil go sealadach, rud a imreoidh tionchar ar an gceart chun maoinne agus ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh.

Sonraítear in Airteagal 52 CCBAE gur gá aon teorannú ar na ceartha agus saoirsí aitheanta a bheith foráilte sa dlí, bunbhrí na gceart agus na saoirsí a urramú, cuspóirí a bhaineann leis an leas ginearálta atá aitheanta ag an Aontas a chomhlíonadh agus a bheith comhréireach.

Tá cothromaíocht chúramach sna bearta idir na ceartha ábhartha agus leasa dlisteanacha na sochaí trí chur chuige atá éifeachtúil (déantar an cuspóir a ghnóthú) ach a bhfuil a laghad tionchair agus is féidir aige ar na ceartha.

#### **4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Níl aon tionchar suntasach ag an togra ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

#### **5. EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh d'fhonn foráil a dhéanamh maidir leis na foirmeacha sonracha is cóir a úsáid (e.g. foirmeacha a bhaineann le ceadúnais, foirmeacha iarratais, téacs na mionnscríbhíne, etc.) agus na socruithe ábhartha nós imeachta.

I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmíocht na hionstraime dlí agus ar na forálacha cur chun feidhme atá inti. D'fhágfadh faireachán ar shlí

---

Comhchuíbhithe ina gcuimsítear 'saothair ealaíne, earraí bailitheoirí agus seandachtaí' le go bhféadfaí sonraí trádála a bhailiú maidir le catagóirí sonracha earraí cultúrtha. Dá thoradh sin, is measúnú cáilíochtúil, den chuid is mó, an measúnú a rinneadh.

leanúnach agus chórasach go bhféadfaí a aithint má tá an togra beartais curtha i bhfeidhm mar a bhfuil súil leis agus má dhéileálann sé go tráthúil le fadhbanna cur chun feidhme.

Trí shonraí fíorasacha a bhailiú sna Ballstáit, cuirfear bonn leis an meastóireacht a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán agus úsáidfear na táscairí faireacháin seo a leanas mar threoir:

- faisnéis staidrimh a cuireadh chuig an gCoimisiún i dtaobh na ráiteas ó allmhaireoirí arna gclárú;
- rialuithe a rinneadh i gcás ráiteas ón allmhaireoir a bhfuil amhras ann faoi cé chomh cruinn agus atá sé;
- líon na n-iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a fuarthas agus na n-iarratas a diúltaíodh;
- faisnéis staidrimh ábhartha faoi shreafaí trádála earraí cultúrtha (e.g. tíortha óna seoltar earraí cultúrtha chuig an Aontas Eorpach go minic);
- líon na gcásanna inar coinníodh earraí cultúrtha chun rialuithe breise a dhéanamh, lena n-áirítear meastóireacht shaineolach; agus
- pionóis a shuigh agus a d'fhorchuir na Ballstáit.

Fágfaidh na foranna cuí a fhorbrófar amach anseo<sup>23</sup> san Ainmníocht Chustaim go bhféadfar faireachán níos cruinne a dhéanamh ar shreafaí trádála agus níos mó sainsonraí staidrimh a bhailiú i dtaobh líon agus chineál na n-earraí cultúrtha a thagann isteach i gcríoch custaim an Aontais.

D'fhoilseodh an Coimisiún tuarascáil meastóireachta ar bhonn na faisnéise a thug na Ballstáit agus a cuireadh chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle trí bliana tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Ba cheart go ndéanfaí a mhéid a baineadh amach na cuspóirí a mheas sa mheastóireacht ar an Rialachán. D'fhéadfaí torthaí na meastóireachta a chur in iúl do na hInstitiúidí Eorpacha eile i bhfoirm tuarascála.

Déanfar a éifeachtaí atá na tionscnaimh neamhrechtacha atá ag gabháil leis an togra a mheas i meastóireacht *ex post* ar na feachtais múscaillte feasachta agus ar na seisiúin oiliúna.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1: Sonraítear ábhar agus raon feidhme an Rialacháin.

Airteagal 2: Déantar foráil maidir le sainmhínithe na dtéarmaí a úsáidfear chun críocha an Rialacháin seo.

Airteagal 3: Sonraítear an prionsabal ar dá réir nach gceadófar d'earraí cultúrtha a theacht isteach i gcríoch custaim an Aontais ach amháin má fhaightear ceadúnas allmhairiúcháin ina leith nó má chuirtear isteach ráiteas ón allmhaireoir. Ceadófar d'earraí cultúrtha a theacht isteach go sealadach do thaispeántais nó do thaighde acadúil agus eolaíochta, nó i gcásanna a

---

<sup>23</sup> Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal ainmníochta taraife AE trí fhoranna cuí TARIC (Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh) a chruthú ar mhaithe le bearta custaim AE a chur i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin, ar an leibhéal idimáisiúnta, san Eagraíocht Dhomhanda Custaim a thug le fios go soiléir go bhfuil rún aici Caibidil 97 den Chóras Comhchuibhithe a leasú agus foranna breise a chur léi.

dteastaíonn áit shlán shealadach mar chosaint ar scrios nó ar chailliúint, le linn coinbhleacht armtha sa tír thionscnaimh nó má tá sí thíos le tubaiste nádúrtha.

Airteagal 4: Déantar foráil maidir leis na cásanna sin ina gceanglaítear ceadúnas allmhairiúcháin, maidir leis an duine a mbeidh air iarratas ar cheadúnas a dhéanamh, maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe agus maidir leis an údarás inniúil óna bhféadfar ceadúnas a fháil. D’fhonn sárú an dlí a sheachaint, más rud é nach í an tír onnmhairithe an tír inar aimsíodh nó inar cruthaíodh an t-earra (‘an tír thionscnaimh’), déanfar idirdhealú ag brath air an Stát a shínigh Coinbhinsiún UNESCO 1970 í an tír onnmhairithe nó nach ea. Más stát í a shínigh an Coinbhinsiún sin, rud a thugann le fios gur tír í atá tiomanta don chomhrac i gcoinne gáinneáil aindleathach ar mhaoín chultúrtha, beidh ar an iarratasóir a léiriú gur onnmhairíodh an t-earra go dleathach as an tír sin; murab ea, beidh ar an iarratasóir a léiriú gur onnmhairíodh an t-earra go dleathach as an tír thionscnaimh.

Airteagal 5: Déantar foráil maidir leis na cásanna ina gceanglaítear ráiteas ón allmhaireoir agus maidir leis an doiciméad caighdeánach ina dtugtar tuairisc ar na hearraí. Is ‘Object ID’ a bheidh sa doiciméad caighdeánach. Is é atá in ‘Object ID’ caighdeán idirnáisiúnta le tuairisc a dhéanamh ar réada cultúrtha. Tá an caighdeán sin á chur chun cinn ag gníomhaireachtaí móra forfheidhmithe dlí, ag músaem, ag eagraíochtaí oidhreachtacha cultúrtha, ag eagraíochtaí trádála agus luachála ealaíne, agus ag cuideachtaí árachais. D’fhormhuinigh UNESCO an caighdeán sin, freisin, mar chaighdeán idirnáisiúnta maidir le sonraí íosta a thaifeadadh i ndáil le maoín chultúrtha shochorraithe. Tá eolas forleathan ar an ‘Object ID’ agus tá sé in úsáid ag a lán Ballstát le gur féidir lena sainaonaid póilíneachta réada a chatalógú i mbunachair dhigiteacha, is modh tapa é chun faisnéis a chur in iúl agus chun íoscheanglais faisnéise a leagan síos i gcomhair músaem. Déantar idirdhealú den chineál céanna agus a rinneadh in Airteagal 4 idir tíortha onnmhairithe ar Stáit a shínigh Coinbhinsiún UNESCO 1970 iad agus tíortha nach ea.

Airteagal 6: Déantar tagairt do bhearta rialaithe agus fíoraithe lucht custaim.

Airteagal 7: Déantar foráil maidir le go ndéanfaidh an Coimisiún liostaí oifigi inniúla custaim atá ainmnithe ag na Ballstáit chun críocha an Rialacháin seo a fhoilsiú go tréimhsiúil. Meastar gur gá na liostaí sin a fhoilsiú mar eolas d’oibreoirí eacnamaíocha.

Airteagal 8: Déantar foráil maidir leis an gcás ina gceadaítear do lucht custaim earraí cultúrtha a choinneáil de bhrí nach féidir a léiriú gur onnmhairíodh na hearraí cultúrtha i dtrácht go dleathach as an tír thionscnaimh.

Airteagal 9: Iarrtar ar na Ballstáit comhar a eagrú idir a n-údaráis inniúla agus déantar foráil maidir le bunachar leictreonach a fhorbairt amach anseo le go n-éascófar faisnéis a stóráil agus a mhalartú, go háirithe ráitis ó allmhaireoirí, agus ceadúnais allmhairiúcháin, a eisíodh.

Airteagal 10: Ceanglaítear ar na Ballstáit pionóis a fhorchur i leith sárúithe ar an Rialachán seo i gcomhréir lena gcórais dlí inmheánacha.

Airteagal 11: Iarrtar ar na Ballstáit seisiúin oiliúna chúí a eagrú le haghaidh na n-údarás sin a d’ainmnigh siad maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, mar aon le feachtais múscailte feasachta d’fhonn daoine a mbeadh spéis acu a leithéidí d’earraí a cheannach a chur ar an eolas faoin gceat dlíthiúil agus é a chur ina luí orthu gan earraí cultúrtha as tríú tíortha a cheannach mura bhfuil a mbunáitíocht dhleathach tugtha le fios.

Airteagal 12: Déantar foráil maidir leis an gcumhacht a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh. Fágfaidh an chumhacht sin go bhféadfaidh an Coimisiún an tairseach aoise íosta, nó na catagóirí earraí cultúrtha atá faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin, a athrú, más gá (má athraíonn na tosca agus i bhfianaise na taití a fuarthas). Ós rud é go bhfuil sé ráite ag an Eagraíocht Dhomhanda Custaim go bhfuil rún soiléir aici foranna breise a chur le Caibidil 97 den Chóras Comhchuibhithe (CC) amach anseo (caibidil ina bhfuil formhór na n-earraí cultúrtha aicmithe chun críocha taraife agus staidrimh), ní mór don Choimisiún bheith in ann na cóid ábhartha taraife san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

Airteagal 13: Déantar foráil maidir le hainmniú coiste a bheidh mar chúnamh ag an gCoimisiún agus é ag cur an Rialacháin chun feidhme. Ar chúiseanna comhleanúnachais agus éifeachtúlachta, is cuí a ainmniú chun na críche sin an coiste atá de chúnamh cheana ag an gCoimisiún i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 maidir le hearraí cultúrtha a onnmhairiú.

Airteagal 14: Sonraítear na forálacha maidir le tuairisciú agus meastóireacht. Baileoidh an Coimisiún faisnéis go tréimhsiúil ó na Ballstáit maidir le cur chun feidhme agus feidhmíocht an Rialacháin, de réir táscairí éagsúla. Cuirfear ceistneoirí cuí chuig na Ballstáit d'fhonn an cineál céanna faisnéise a bhailiú, agus cuirfidh an Coimisiún tuarascáil, ar bhonn na faisnéise sin, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfar an chéad tuarascáil a thíolacadh trí bliana tar éis dháta cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 15: Déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Togra le haghaidh

## RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I bhfianaise na gConclúidí ón gComhairle an 12 Feabhra 2016 maidir leis an gcomhrac in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, i bhfianaise na Teachtaireachta ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú [*on an Action Plan for strengthening the fight against terrorist financing*]<sup>24</sup> agus na Treorach maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac<sup>25</sup>, ba cheart rialacha comhchoiteanna a achtú maidir leis an trádáil le tríú tíortha chun a áirithiú go gcosnófar earraí cultúrtha go héifeachtach ar a gcailliúint, go gcaomhnófar oidhreacht chultúrtha an chine dhaonna agus go gcuirfear cosc ar sceimhlitheoireacht a mhaoiniú trí oidhreacht chultúrtha chreachta a dhíol le ceannaitheoirí san Aontas.
- (2) Tá an oidhreacht chultúrtha ar cheann de bhuneilimintí na sibhialtachta, cuireann sí le saol cultúrtha gach pobail agus ba cheart í a chosaint, dá bhrí sin, ar dhílsiú mídhleathach agus ar chreach. Ba cheart don Aontas, dá réir sin, cosc a chur ar earraí cultúrtha a onnmhairíodh go mídhleathach as tríú tíortha a theacht isteach i gcríoch custaim an Aontais.
- (3) I bhfianaise na rialacha éagsúla atá i bhfeidhm sna Ballstáit maidir le hearraí cultúrtha a theacht isteach i gcríoch custaim an Aontais, ba cheart bearta a dhéanamh go háirithe

<sup>24</sup> COM(2016) 50 final.

<sup>25</sup> Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle; IO L 88, 31.3.2017, lch. 6-21.

lena áirithiú go mbeidh allmhairithe earraí cultúrtha faoi réir rialuithe aonfhoirmeacha ar theacht isteach dóibh.

- (4) Ba cheart an chaoi a ndéileálann na húdaráis custaim le hearraí cultúrtha nach earraí de chuid an Aontais iad atá ag teacht isteach i gcríoch custaim an Aontais, i.e. maidir lena scaoileadh i saorchúrsaíocht agus maidir le nós imeachta custaim speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu, a chuimsiú sna rialacha comhchoiteanna.
- (5) I bhfianaise na hacmhainne is eol a bheith i limistéir saorthrádála (agus sna poirt dá ngairtear ‘saorphoirt’) chun earraí cultúrtha a stóráil, ba cheart raon feidhme a leithne agus is féidir maidir leis na nósanna imeachta custaim lena mbaineann a bheith leis na bearta rialaithe atá le leagan síos. Dá bhrí sin, níor cheart na bearta rialaithe sin a bheith bainteach le hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus leis na hearraí sin amháin, ach freisin le hearraí a cuireadh nós imeachta custaim speisialta i bhfeidhm orthu. D’ainneoin a leithne atá an raon feidhme sin, níor cheart teacht salach ar an bprionsabal maidir le saoirse idirthurais earraí ná dul níos faide ná an cuspóir cosc a chur ar earraí cultúrtha a onnmhairíodh go haindleathach a theacht isteach i gcríoch custaim an Aontais. Dá réir sin, cé go gcuimseofar sna bearta rialaithe na nósanna imeachta custaim speisialta is féidir a chur i bhfeidhm ar earraí atá ag teacht isteach i gcríoch custaim an Aontais, níor cheart idirthuras a chuimsiú sna bearta rialaithe sin.
- (6) Is iad na sainmhínithe ba cheart a úsáid sa Rialachán seo na sainmhínithe atá bunaithe ar na sainmhínithe a úsáideadh i gCoinbhinsiún UNESCO maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta de Mhaoín Chultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc arna shíniú i bPáras an 14 Samhain 1970 agus i gCoinbhinsiún UNIDROIT maidir le Réada Cultúrtha a Goideadh nó a Onnmhairíodh go Neamhdhleathach arna shíniú sa Róimh an 24 Meitheamh 1995, coinbhinsiúin a bhfuil líon mór Ballstát ina bpáirtí iontu, i bhfianaise an eolais mhaith atá ag a lán tríú tíortha agus ag formhór na mBallstát ar fhorálacha na gCoinbhinsiún sin.
- (7) Ba cheart dlíthiúlacht an onnmhairithe a scrúdú ar bhonn dhlíthe agus rialacháin na tíre sin inar aimsíodh nó inar cruthaíodh na hearraí cultúrtha (‘tír thionscnaimh’). D’fhonn sárú an dlí a sheachaint, má thagann na hearraí cultúrtha isteach san Aontas as tríú tír dhifriúil, ba cheart don té atá ag iarraidh iad a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais a léiriú gur onnmhairíodh as an tír sin go dleathach iad, i gcás inar Stát a shínigh Coinbhinsiún UNESCO 1970 í an tríú tír i gceist agus, ar an dóigh sin, gur tír í atá tiomanta troid in aghaidh gáinneáil neamhdhleathach ar mhaoín chultúrtha. I gcásanna eile, ba cheart don duine sin a chruthú gur onnmhairíodh na hearraí cultúrtha go dleathach as an tír thionscnaimh.
- (8) Le nach gcuirfear bac díréireach ar thrádáil earraí thar theorainn sheachtrach an Aontais, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hearraí nach sáraíonn teorainn aoise áirithe. Chun na críche sin, is iomchuí tairseach aoise íosta 250 bliain a leagan síos maidir le gach catagóir earraí cultúrtha. Leis an tairseach aoise íosta sin, áiritheofar gur ar na hearraí cultúrtha sin is dóichí a mbeadh tóir ag creachadóirí i limistéir coinbhleachta orthu a bheidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo dírithe, agus nach n-eisiafar earraí eile is gá a rialú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint.

- (9) Sa mheasúnú riosca fornáisiúnta ar na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a théann i gcion ar an margadh inmheánach<sup>26</sup>, tá an gháinneáil ar dhéantáin agus ar sheandachtaí creachta aitheanta mar fhoinsé a d'fhéadfaí a úsáid do mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus do ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid.
- (10) Ós rud é go mbaineann baol creachta nó scriosta ar leith le catagóirí áirithe earraí cultúrtha, eadhon réada seandálaíochta, eilimintí de shéadchomharthaí, lámhscríbhinní agus ioncúnabail uathúla, is iomchuí gur gá foráil a dhéanamh maidir le córas grinnscrúdaithe bhreise sular féidir leo teacht isteach i gcríoch custaim an Aontais. Faoi chóras den sórt sin, ba cheart é a bheith ina cheangal ceadúnas a thaispeáint a d'eisigh údarás inniúil an Bhallstáit inar tháinig na hearraí isteach sula bhféadfaí na hearraí sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó nós imeachta custaim speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu. Aon duine atá ag iarraidh ceadúnas den sórt sin a fháil, ba cheart é a bheith in ann a chruthú gur onnmhairíodh na hearraí go dleathach as an tír thionscnaimh leis na doiciméid tacaíochta cuí agus leis an bhfianaise chuí, go háirithe deimhnithe nó ceadúnais onnmhairiúcháin a d'eisigh an tríú tír onnmhairithe, teidil úinéireachta, sonraisc, conarthaí díolacháin, doiciméid árachais, doiciméid iompair agus meastóireachtaí saineolacha. Ar bhonn iarratas atá iomlán agus cruinn, ba cheart d'údarás inniúla na mBallstát a chinneadh gan moill mhíchúil an eiseofar ceadúnas.
- (11) I gcás catagóirí eile earraí cultúrtha, ba cheart do na daoine atá ag iarraidh iad a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais a dheimhniú gur onnmhairíodh go dleathach iad as an tríú tír agus freagracht a ghlacadh as an onnmhairiú sin agus faisnéis leordhóthanach a thabhairt le go bhféadfaidh lucht custaim na hearraí sin a shainnithint. Chun an nós imeachta a éascú agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an fhaisnéis faoin earra cultúrtha a thabhairt trí bhíthin doiciméad caighdeánach. Ba cheart an caighdeán 'Object ID', atá molta ag UNESCO, a úsáid chun tuairisc a dhéanamh ar na hearraí cultúrtha. Ba cheart do lucht custaim na hearraí cultúrtha sin a thagann isteach a chlárú, bunchóipeanna na ndoiciméad a choimeád agus cóip de na doiciméid ábhartha a thabhairt don dearbhóir, chun inrianaitheacht a áirithiú tar éis do na hearraí teacht isteach ar an margadh inmheánach.
- (12) Níor cheart d'earraí cultúrtha a ligeadh isteach go sealadach chun críocha taighde oideachais, eolaíochta nó acadúil a bheith faoi réir ceadúnas nó ráiteas a thaispeáint.
- (13) Ba cheart é a cheadú, freisin, go bhféadfaí earraí cultúrtha as tíortha atá thíos le coinbhleacht armtha nó tubaiste nádúrtha a stóráil gan gá ceadúnas ná ráiteas a thaispeáint chun sábháilteacht agus caomhnú na n-earraí sin a áirithiú.
- (14) Chun go gcuirfeadh san áireamh an taithí a gheofar agus an Rialachán seo á chur chun feidhme mar aon leis na tosca athraitheacha geopholaitiúla agus eile a chuireann earraí cultúrtha i mbaol, fad agus nach gcuirfeadh bac díreireach ar an trádáil le tríú tíortha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le modhnuithe a dhéanfaí ar chritéar na tairsí aoise íosta maidir leis na catagóirí éagsúla earraí cultúrtha. Ba cheart go bhféadfaidh an tarmligean sin go mbeadh sé de chead ag an gCoimisiún an Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta i gcás leasuithe a

---

<sup>26</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún COM (2017) 340

dhéanfaí ar an Ainmníocht Chomhcheangailte. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016<sup>27</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (15) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le hearraí cultúrtha a ligean isteach go sealadach agus a stóráil i gcríoch custaim an Aontais, maidir leis na teimpléid le haghaidh iarratais agus foirmeacha na gceadúnas allmhairiúcháin, agus le haghaidh na ráiteas ón allmhaireoir agus na ndoiciméad a ghabhann leo, mar aon le rialacha breise nós imeachta maidir lena gcur isteach agus lena bpróiseáil. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún le go bhféadfaidh sé socruithe a dhéanamh maidir le bunachar leictreonach a bhunú chun faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir na Ballstáit. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>28</sup>.
- (16) Ba cheart faisnéis ábhartha a bhailiú faoi shreafaí trádála earraí cultúrtha chun tacú le cur chun feidhme éifeachtúil an Rialacháin agus chun bonn meastóireachta a chur ar fáil don todhchaí. Ní féidir faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar shreafaí trádála earraí cultúrtha ar bhonn a luacha nó a meáchain amháin óir is féidir athrú a theacht ar an dá thoisc sin. Is rithábachtach faisnéis a bhailiú faoi líon na n-ítimí a dearbhaítear. Ós rud é nach sonraítear aon aonad eile tomhais i dtaca le hearraí cultúrtha san Ainmníocht Chomhcheangailte, is gá a cheangal go ndearbhófar líon na n-ítimí.
- (17) I measc na gcuspóirí atá le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Bainistiú Riosca i dtaca le Rialú Custaim<sup>29</sup>, tá cur le hinniúlachtaí na n-údarás custaim chun an fhreagrúlacht do rioscaí a mhéadú i réimse na n-earraí cultúrtha. Ba cheart an creat comhchoiteann bainistithe riosca a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a úsáid agus faisnéis ábhartha i dtaobh riosca a mhalartú idir na húdaráis custaim.
- (18) Ba cheart do na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a thabhairt isteach do chásanna nach gcomhlíontar forálacha an Rialacháin seo agus na pionóis sin a chur in iúl don Choimisiún.

<sup>27</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

<sup>28</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

<sup>29</sup> COM/2014/0527 final: *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee on the EU Strategy and Action Plan for customs risk management* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Bainistiú Riosca i dtaca le Rialú Custaim].

- (19) Ba cheart a dhóthain ama a thabhairt don Choimisiún le rialacha a ghlacadh chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe na rialacha sin a bhaineann leis na foirmeacha is cuí a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas allmhairiúcháin nó chun ráiteas ó allmhaireoir a ullmhú. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.
- (20) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (21) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus a léirítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Teideal II de,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

#### **Ábhar agus raon feidhme**

Leagtar amach sa Rialachán seo na coinníollacha agus an nós imeachta a bhaineann le hearraí cultúrtha a theacht isteach i gcríoch custaim an Aontais.

Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí cultúrtha atá ar idirthuras trí chríoch custaim an Aontais.

### *Airteagal 2*

#### **Sainmhínte**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘earraí cultúrtha’ aon réad a bhfuil tábhacht ag baint leis ó thaobh na seandálaíochta, na réamhstaire, na staire, na litríochta, na heolaíona nó na heolaíochta de agus a bhaineann leis na catagóirí atá liostaithe sa tábla san Iarscríbhinn agus a chomhlíonann an tairseach aoise íosta atá sonraithe ann;

(b) ciallaíonn ‘tír thionscnaimh’ an tír ar ina críoch mar atá sé inniu a cruthaíodh nó a aimsíodh na hearraí cultúrtha;

(c) ciallaíonn ‘tír onnmhairithe’ an tír dheiridh ina raibh na hearraí cultúrtha á gcoinneáil go buan i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin sular seoladh na hearraí chuig an Aontas;

(d) ciallaíonn ‘go buan’ tréimhse ama míosa ar a laghad agus chun críocha eile seachas úsáid shealadach, idirthuras, onnmhairiú agus seoladh;

(e) ciallaíonn ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ an nós imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(f) ciallaíonn ‘nós imeachta speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm’ earraí a chur faoi cheann de na nósanna imeachta custaim speisialta dá dtagraítear i bpointe (b), pointe (c) nó pointe (d) d’Airteagal 210 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(e) ciallaíonn ‘sealbhóir na n-earraí’ an duine dá dtagraítear in Airteagal 5(34) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(h) ciallaíonn ‘dearbhoir’ an duine dá dtagraítear in Airteagal 5(15) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 chun an dara colún den tábla san Iarscríbhinn a leasú i gcás leasuithe a dhéanfar ar an Ainmníocht Chomhcheangailte agus chun an tairseach aoise íosta sa tríú colún den tábla san Iarscríbhinn a leasú i bhfianaise taithí a gheofar agus an Rialachán seo á chur chun feidhme.

### *Airteagal 3*

#### **Earraí cultúrtha a theacht isteach i gcríoch custaim an Aontais**

1. Ní cheadófar earraí cultúrtha a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus nós imeachta speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu ach amháin má thaispeántar ceadúnas allmhairiúcháin a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 4 nó má thaispeántar ráiteas ón allmhaireoir a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) earraí cultúrtha a ligean isteach go sealadach i gcríoch custaim an Aontais, de réir bhrí Airteagal 250 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, chun críocha taighde oideachais, eolaíochta agus acadúil;

(b) earraí cultúrtha a stóráil, de réir bhrí Airteagal 237 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, chun na sainchríche a gcaomhnú ag údarás poiblí, nó faoi mhaoirsiú údaráis phoiblí, a áirithiú.

3. Féadfaidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le hearraí cultúrtha a ligean isteach go sealadach nó a stóráil dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.

4. Ní dhéanfaidh mír 1 aon dochar do bhearta eile a ghlac an tAontas i gcomhréir le hAirteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

### *Airteagal 4*

#### **Ceadúnas allmhairiúcháin**

1. Maidir leis na hearraí cultúrtha a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus nós imeachta speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu san Aontas dá dtagraítear i bpointe (c), pointe (d) agus pointe (h) den Iarscríbhinn, beidh siad faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin a bheith curtha chuig na húdaráis custaim.

2. Cuirfidh sealbhóir na n-earraí iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin chuig údarás inniúil an Bhallstáit sin ina dtiocfaidh na hearraí isteach. Beidh ag gabháil leis an iarratas aon doiciméid tacaíochta agus aon fhaisnéis a chruthaíonn go ndearnadh na hearraí cultúrtha atá i gceist a

onnmhairiú ón tír thionscnaimh i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin. Más rud é, áfach, gur Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún UNESCO maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta de Mhaoín Chultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc arna shíniú i bPáras an 14 Samhain 1970 ('Coinbhinsiún UNESCO 1970') an tír onnmhairithe, beidh ag gabháil leis an iarratas aon doiciméid tacaíochta agus aon fhaisnéis a chruthaíonn go ndearnadh na hearraí cultúrtha a onnmhairiú ón tír sin i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin.

3. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina dtiocfaidh na hearraí isteach a fhíorú go bhfuil an t-iarratas iomlán. Déanfaidh sé aon fhaisnéis nó doiciméad atá in easnamh a iarraidh ar an iarratasóir laistigh de 30 lá ón lá a fuair sé an t-iarratas.

4. Laistigh de 90 lá ón dáta a gcuirfear isteach iarratas iomlán, déanfaidh an t-údarás inniúil an t-iarratas a scrúdú agus cinnefidh sé an ceadúnas allmhairiúcháin a eisiúint nó an t-iarratas a dhiúltú. Féadfaidh sé an t-iarratas a dhiúltú ar na forais seo a leanas:

(a) i gcás nach Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún UNESCO 1970 an tír onnmhairithe, nach bhfuil sé léirithe gur onnmhairíodh na hearraí cultúrtha ón tír thionscnaimh i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin;

(b) i gcás inar Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún UNESCO 1970 an tír onnmhairithe, nach bhfuil sé léirithe gur onnmhairíodh na hearraí cultúrtha ón tír thionscnaimh i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin;

(c) go bhfuil forais réasúnacha ag an údarás inniúil lena chreidiúint nach bhfuair sealbhóir na n-earraí seilbh ar na hearraí sin go dleathach.

5. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis phoiblí atá inniúil ar cheadúnais allmhairiúcháin a eisiúint i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfaidh siad sonraí na n-údarás sin, maille le haon athruithe a bhaineann dóibh, a chur in iúl don Choimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún sonraí na n-údarás inniúil sin, agus aon athrú orthu, a fhoilsiú i sraith 'C' d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. Féadfaidh an Coimisiún an teimpléad don iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin, agus na rialacha nós imeachta a bhaineann le hiarratas den chineál sin a chur isteach agus a phróiseáil, a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.

#### *Airteagal 5*

### **Ráiteas ón allmhaireoir**

1. Maidir leis na hearraí cultúrtha dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (e), (f), (g), (i), (j), (k) agus (l) den Iarscríbhinn a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus nós imeachta speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu san Aontas, beidh sin faoi réir ráiteas ón allmhaireoir a bheith curtha faoi bhráid údaráis custaim an Bhallstáit sin ina dtiocfaidh siad isteach.

2. Beidh sa ráiteas ón allmhaireoir dearbhú a bheidh sínithe ag sealbhóir na n-earraí á chur in iúl gur onnmhairíodh na hearraí as an tír thionscnaimh i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin. Más rud é, áfach, gur Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún UNESCO maidir le Maoín Chultúrtha an tír thionscnaimh, beidh sa ráiteas ón allmhaireoir dearbhú a bheidh sínithe ag

sealbhóir na n-earraí á chur in iúl gur onnmhairíodh na hearraí as an tír sin i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na tíre sin.

Beidh sa ráiteas ón allmhaireoir doiciméad caighdeánach ina mbeidh tuairisc ar na hearraí cultúrtha atá i gceist agus beidh an tuairisc sin mionsonraithe go leor le gur féidir leis na húdaráis custaim iad a aithint.

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teimpléad don ráiteas ón allmhaireoir a ghlacadh mar aon leis na rialacha nós imeachta maidir leis an ráiteas ón allmhaireoir a chur isteach agus a phróiseáil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.

## *Airteagal 6*

### **Fíorú agus rialú custaim**

1. Déanfar an ceadúnas allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4 nó an ráiteas ón allmhaireoir dá dtagraítear in Airteagal 5, de réir mar a bheidh, a chur chuig an oifig custaim atá inniúil ar na hearraí cultúrtha sin a scaoileadh i saorchúrsíocht nó ar nós imeachta speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu.

2. Maidir le hearraí cultúrtha ar gá ceadúnas allmhairiúcháin a eisiúint ina leith le gur féidir leo teacht isteach i gcríoch custaim an Aontais, seiceálfaidh na húdaráis custaim an bhfreagraíonn an ceadúnas allmhairiúcháin do na hearraí arna dtabhairt i láthair. Chun na críche sin, féadfaidh siad na hearraí cultúrtha a scrúdú, lena n-áirítear meastóireacht shaineolach a dhéanamh.

3. Maidir le hearraí cultúrtha ar gá ráiteas ón allmhaireoir a chur isteach ina leith le gur féidir leo teacht isteach i gcríoch custaim an Aontais, seiceálfaidh na húdaráis custaim an gcomhlíonann an ráiteas ón allmhaireoir na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 5, nó ar bhonn an Airteagail sin, agus an bhfreagraíonn sé do na hearraí arna dtabhairt i láthair. Chun na críche sin, féadfaidh siad faisnéis bhreise a éileamh ar an dearbhóir agus scrúdú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí cultúrtha, lena n-áirítear meastóireacht shaineolach a dhéanamh. Cláróidh siad an ráiteas ón allmhaireoir trí shraithuimhir agus dáta cláraithe a shannadh dó agus, tráth a scaoilfear na hearraí, cóip den ráiteas cláraithe ón allmhaireoir a thabhairt don dearbhóir.

4. Nuair a chuirtear isteach dearbhú maidir leis na hearraí cultúrtha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó maidir le nós imeachta speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu, tabharfar cainníocht na dtáirgí le fios trí úsáid a bhaint as an aonad forlíontach a leagtar amach san Iarscríbhinn.

## *Airteagal 7*

### **Oifigí custaim inniúla**

I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit srian le líon na n-oifigí custaim atá inniúil ar earraí cultúrtha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó ar nós imeachta speisialta nach é an nós imeachta idirthurais é a chur i bhfeidhm orthu, déanfaidh siad sonraí na n-oifigí custaim sin, agus aon athrú a bhaineann dóibh, a chur in iúl don Choimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún sonraí na n-oifigí custaim inniúla, agus aon athrú orthu, a fhoilsiú i sraith 'C' d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### *Airteagal 8*

#### **Coinneáil shealadach ag údaráis custaim**

1. Más rud é go dtagann earraí cultúrtha isteach i gcríoch custaim an Aontais agus nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 3 comhlíonta, gabhfaidh na húdaráis custaim na hearraí cultúrtha sin agus coinneoidh siad ar bhonn sealadach iad.
2. Beidh ráiteas faoi na cúiseanna ag gabháil leis an gcinneadh riaracháin dá dtagraítear i mír 1, cuirfear an cinneadh sin in iúl don dearbhóir agus beidh sé faoi réir leigheas éifeachtach i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta.
3. Ní rachaidh an tréimhse coinneála sealadaí thar a bhfuil de dhíth ar na húdaráis custaim nó ar na húdaráis eile forfheidhmithe dlí lena chinneadh an éilíonn imthosca an cháis go gcoinneofaí na hearraí faoi fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. 6 mhí a bheidh sa tréimhse uasta coinneála sealadaí faoin Airteagal seo. Mura ndéantar cinneadh le linn na tréimhse sin maidir leis na hearraí cultúrtha a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide nó má chinntear nach n-éilíonn imthosca an cháis go gcoinneofaí iad ar feadh tréimhse níos faide, cuirfear na hearraí cultúrtha ar fáil don dearbhóir.

### *Airteagal 9*

#### **Comhar riaracháin**

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh a n-údaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 3(4).
  2. Féadfar córas leictreonach a fhorbairt chun faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir údaráis na mBallstát, go háirithe maidir leis na ráitis ó allmhaireoirí agus na ceadúnais allmhairiúcháin.
  3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a leagan síos:
    - a) na socruithe maidir leis an gcóras leictreonach dá dtagraítear i mír 2 a úsáid, a oibriú agus a chothabháil;
    - b) na rialacha mionsonraithe maidir le faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir údaráis na mBallstát tríd an gcóras leictreonach dá dtagraítear i mír 2.
- Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13.

### *Airteagal 10*

#### **Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann le pionóis is infheidhme maidir le sárú Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5 agus, go háirithe, maidir le ráitis bhréagacha a dhéanamh agus faisnéis bhréagach a thabhairt le go bhféadfaidh earraí cultúrtha teacht isteach

i gcríoch custaim an Aontais, agus déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfead na rialacha sin chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha agus na bearta sin laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, maidir le haon leasú ar na forálacha sin ina dhiaidh sin.

### *Airteagal 11*

#### **Oiliúint, fothú acmhainní agus múscailt feasachta**

Eagróidh na Ballstáit gníomhaíochtaí oiliúna agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní lena áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis lena mbaineann an Rialachán seo é a chur chun feidhme go héifeachtach. Féadfaidh siad leas a bhaint freisin as feachtais múscailte feasachta chun feasacht a mhúscailt i ndaoine áirithe a cheannaíonn earraí cultúir.

### *Airteagal 12*

#### **An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón ... [Tá Oifig na bhFoilseachán le dáta theacht i bhfeidhm an ghnímh seo a líonadh isteach].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfead fad dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

### *Airteagal 13*

#### **Nós imeachta coiste**

1. Beidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle<sup>30</sup> de chúnamh ag an gCoimisiún.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

### *Airteagal 14*

#### **Tuairisciú agus Meastóireacht**

1. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis i dtaobh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fáil don Choimisiún. Beidh an méid seo a leanas, go háirithe, san fhaisnéis sin:
  - (a) faisnéis staidrimh i dtaobh na ráiteas ó allmhaireoirí arna gclárú;
  - (b) faisnéis i dtaobh sáruiithe ar an Rialachán seo;
  - (c) líon na n-iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus na n-iarratas a diúltaíodh;
  - (d) faisnéis staidrimh ábhartha i dtaobh earraí cultúrtha a thrádáil;
  - (e) líon na gcásanna d'earraí cultúrtha a coinníodh agus
  - (f) líon na gcásanna d'earraí cultúrtha a tréigeadh leis an Stát i gcomhréir le hAirteagal 199 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún ceistneoirí ábhartha chuig na Ballstáit. Beidh 6 mhí ag na Ballstáit an fhaisnéis a iarradh a chur in iúl don Choimisiún.

2. Trí bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

### *Airteagal 15*

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2019.

---

<sup>30</sup> Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le hearraí cultúrtha a onnmhairiú (IO L 39, 10.2.2009, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*